Tábhacht na Beatha

Iarrtar ort a bheith ag obair mar bhall de ghrúpa le tuairisc nuachta físeáin ghairid a dhéanamh ar ábhar sláinte do dhaltaí eile sa scoil.

Amharcaigí ar thuairiscí nuachta eile agus pléigí an t-ábhar atá iontu.

Bainigí úsáid as clár pleanála le bhur gcuid smaointe a roinnt. Déanaigí taifead den dóigh a bhfiosróidh sibh barúlacha daoine eile ar bhur n-ábhar. Déanaigí taifead ar eochairfhíricí nó eochairphointí ar bith ba mhaith libh a mhíniú don spriocghrúpa agaibh.

Déanaigí machnamh ar shuíomh na scannánaíochta.

Ag obair in bhur mbeirteanna, bainigí úsáid as ceamara digiteach nó físcheamara leis an tuairisc a thaifeadadh.

Triailigí sraitheoga. Srathaígí na fuaimeanna, na héifeachtaí, na teidil agus na creidiúintí.



Amharcaigí ar bhur gcuid oibre agus déanaigí féinmheasúnú ar an dóigh ar chuir TFC le tuiscint an ábhair. Déanaigí athruithe ar bith atá de dhíth.

Cuirigí teideal ar bhur dtuairisc shláinte agus sábhálaigí í.

Taispeánaigí an tuairisc do spriocghrúpa agus labhraígí ar an fáth ar roghnaigh sibh an t-ábhar agus ar an dóigh a ndearna sibh í.

Tugaigí deis do dhaoine eile aiseolas a thabhairt daoibh ar an mhéid a d'fhoghlaim siad ó bhur dtuairisc.